Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)**

**7981/1/25
REV 1**

**EF 108
ECOFIN 418
DROIPEN 42
COTER 55
ENFOPOL 114
CT 45**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceathrar comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta a cheapadh |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le ceathrar comhaltaí lánaimseartha
de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid
agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta a cheapadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 291(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1620 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010[1], agus go háirithe Airteagal 63 de,

[1] IO L, 2024/1620, 19.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1620/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1620 lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta ('an tÚdarás').

(2) Déantar foráil in Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2024/1620 maidir le Bord Feidhmiúcháin an Údaráis, atá comhdhéanta de Chathaoirleach an Údaráis agus de chúigear comhaltaí lánaimseartha, lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach. Tá an cúigear comhaltaí lánaimseartha sin le ceapadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tar éis do Bhord Ginearálta an Údaráis togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, bunaithe ar an ngearrliosta d'iarrthóirí cáilithe arna tharraingt suas ag an gCoimisiún, agus tar éis do Pharlaimint na hEorpa an togra sin a fhormheas. Déantar foráil san Airteagal sin freisin go mbeidh téarma oifige 4 bliana ag an gcúigear comhaltaí lánaimseartha den Bhord Feidhmiúcháin.

(3) An 29 Eanáir 2025, d'ullmhaigh an Coimisiún gearrliosta iarrthóirí chun an cúigear comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh agus chuir sé ar fáil do Pharlaimint na hEorpa é. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas faoin ngearrliosta an lá céanna.

(4) An 11 Márta 2025, ghlac Bord Ginearálta an Údaráis togra chun Simonas KRĖPŠTA, Rikke-Louise PETERSEN, Marcus PLEYER, Derville ROWLAND agus Juan Manuel VEGA SERRANO a cheapadh mar an cúigear comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis agus chuir sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa é lena fhormheas. An 3 Aibreán 2025, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra maidir le comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh.

(5) An 8 Bealtaine 2025, tharraing Marcus PLEYER a iarrthóireacht siar ar chúiseanna pearsanta.

(6) De bhun Airteagal 107 de Rialachán (AE) 2024/1620, tá an Coimisiún freagrach as an Údarás a bhunú agus a oibriú i dtosach go dtí an 31 Nollaig 2025. I bhfianaise na gcúraimí agus na gcumhachtaí a thugtar dó, is iomchuí Bord Feidhmiúcháin an Údaráis a chur i bhfeidhm go pras chun aistriú rianúil gasta a áirithiú. Ba cheart, dá bhrí sin, ceathrar comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta le haghaidh téarma oifige 4 bliana ón 1 Meitheamh 2025:

– Simonas KRĖPŠTA

– Rikke-Louise PETERSEN

– Derville ROWLAND

– Juan Manuel VEGA SERRANO.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*